

Gníomhaíocht Daltaí 1b

Tá tábla ar an gcéad leathanach eile den doiciméad seo i gcás gach feidhme thíos do $x \in \{-3, -2, -1, 0, 1, 2, 3\}$.

Líon isteach na táblaí ar dtús ionas go mbeidh tú in ann scála a roghnú a fheileann do na feidhmeanna uile nuair a bhreacann tú graf.

Breac na graif uile ar an ngreille ar an gcéad leathanach eile agus úsáid **na haiseanna céanna agus an scála céanna** do na graif uile.

Chun a chinntí go mbeidh an déanamh ceart ar gach graf, ríomh y-luachanna pointí idir na pointí atá breactha agat, agus cuir na freagraí sin i gcomparáid le na y-luachanna a léifi ar do ghraf i gcás na bpointí céanna.

Iltéarmach san fhoirm $f(x) = ax^2$ $a \in \mathbb{Z}$	Abair cén cruth atá ar an ngraf, agus má osclaíonn sé suas nó síos	x-idirlínte (an modh ailgéabrách agus ón ngraf)	y-idirlíne (an modh ailgéabrách agus ón ngraf)	Uaspointe / íospointe mar ordphéire, agus an lipéad uas. nó íos. leis	Fréamh (acha) réadacha $f(x)=0$	Cothromóid Ais na Siméadrachta	f (2.7)	Réitigh $f(x) = 8$	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ deimhneach? i.e. $f(x) > 0$?	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ diúltach? i.e. $f(x) < 0$?	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ atá ag méadú?	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ atá ag laghdú?
$y = x^2$												
$y = -x^2$												
$y = 2x^2$												
$y = -2x^2$												

1. Cén difríocht a dhéanann comhartha na comhéifeachta “ a ” (i.e. má tá + nó - roimhe) do ghraf na feidhme $f(x) = ax^2$? Mínigh.

Gníomhaíocht Daltaí 1b

Tarraing graf $y = x^2$ le marcóir dubh, agus tarraing na cuair eile le marcóirí ar dhathanna eile.

Lipéadaigh iad.

